# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Aibreán 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Ard Fheis na n-Óg ar siúl i nGaoth Dobhair!

Bhí Ard Fheis na n-Óg ar siúl in san Acadamh i nGaoth Dobhair i mbliana idir an 26ú agus an 27ú de mhí Aibreán. Ócáid atá ann san Ard Fheis le daoine óga a thabhairt le chéile chun feasacht teanga a ardú ina measc chomh maith le deis a thabhairt dóibh a gcuid tuairimí faoin teanga a fhorbairt agus a phlé. Anseo ar dheis tá Dónall Ó Cnáimhsí, Julian De Spáinn agus Éamonn Mac Niallais i láthair ag an ócáid.





## Bua mór ag Gaoth Dobhair Aontaithe

Comhghairdeas mhór le foireann shinsear Ghaoth Dobhair Aontaithe a fuair an bua ar fhoireann an Cheathrú Caol i mBaile Ár ansin le gairid. Tugann an bhua sin ardú céime dóibh go Roinn 1. Éacht ar dóigh. Maith sibh uilig!

# Tony Mac Aodha ar shlí na fírinne

Cailleadh Tony Mac Aodha, duine de phearsaí móra paróiste Ghaoth Dobhair i mí Aibreán. Fear fadradharcach a raibh cur chun cinn an phobail i gcónaí gar dona chroí. Cara dílis ba ea Tony do go leor daoine agus níl deireadh ar na tograí a chur sé ar bun chun leas agus tairbhe an phobail. Tá ceannaire agus cara caillte againn. Comhbhrón leis an teaghlach agus lena chuid cairde uilig. Crothnóimid go mór é.



# Éigse Uladh



Bhí Éigse Uladh ar siúl le linn deireadh seachtaine na Bealtaine. Is an téama a bhí ag an éigse i mbliana, ná comóradh ar shaol agus ar shaothar Proinnsias Ó Maonaigh. D'oscail Paddy Glackin an fhéile agus rinne cainteoirí ina measc Noel Ó Gallachóir, an t-Athair Séan Ó Galchóir agus Caoimhín Mac Aoidh. cur síos ar gnéithe difriúla dona shaol. Bhí ceolchoirm le Clann Uí Mhaonaigh in Amharclann Ghaoth Dobhair le linn na deireadh seachtaine fosta. Sa phictiúr seo tá Clann Joe Jack Uí Churráin ag ceol cúpla amhrán dena chuid san Acadamh.

# Comórtas Peile na Gaeltachta Dhún na nGall sna Méilte

Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta Dhún na nGall ar siúl sna Méilte le gairid. Comhghairdeas le CLG Naomh Mhuire a d'eagraigh cúpla lá den scoth. Tréaslaíonn muid fosta leis na foirne uilig a fuair tríd chuig na babhtaí náisiúnta agus guíonn muid gach ádh orthu sna babhtaí sin ag tús mí Meitheamh.







## Searmanas Ghlór na nGael

Comhghairdeas le Ionad Naomh Pádraig Dobhair a bhain an príomh dhuais ag searmanas Ghlór na nGael i gcathair Árd Mhácha ansin le gairid. Bronnadh duais de luach 15,000 euro orthu. Comhghairdeas fosta leis na coistí uilig eile i Limistéar Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt a bhain duaiseanna agus a fuair aitheantas ag an searmanas chomh maith.

# Cur aithne ar Aoibhín



**Comhghairdeas le Aoibhín Ní Dhéagha a bhain comórtas an Chailín Gaelaí ag Comórtas Peile na Gaeltachta Dhún na nGall ar na mallaibh. Beidh Aoibhín anois ag déanamh ionadaíocht do Dhún na nGall sa chomórtas náisiúnta i mí Meitheamh. Maith thú Aoibhín! Seo cur síos beag uirthi anseo:**

**Ainm:** Aoibhín Ní Dheagha

**Post**: Féinfhostaithe leis an gnó Cácaí Aoibhín (cacaiaoibhin.ie)

**Caitheamh Aimseartha**: Ceol, bácáil + a bheith amuigh le mo chairde

**Clár Teilifíse:** Suits

**Podchraoladh**: Diary of a CEO

**Ainmhí**: Madraí

**Gréasán Sóisialta:** Instagram nó TikTok

**Tionchar is mó ar do shaol:** Mo mhuintir

**Rud is fearr leat faoin gnó:** A bheith i gceannas ar mo shaol féin chomh maith le bheith ag bualadh le daoine úra agus inspioráideach gach lá.

**Amazon nó eBay**: Amazon

**Oíche amuigh:** Oíche le mo chairde sa chathair nó seisiún ag féile ceoil

**Laethanta saoire:** Áit ar bith té

**Seanfhocal**: Níl aon tinteán mar do thinteán féin

**Mana saoil:** Déan é duit féin!

**Cén áit a ba mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Go fóill ag baint sult as mo chuid oibre cibé cad é atá mé ag déanamh agus ag baint taitnimh as an saol cibé cén áit ina bhfuil mé!







